

**De réir Alt 811D den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997****Ní mór an Fógra Cosantach seo a sheoladh ar ais chuig:**

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
 An tAonad um Fógraí Cosantacha
 Rannóg Ardrachmais agus Seirbhísí Airgeadais
 Radharc an Chaisleáin
 52-57 Sráid Sheoirse Mhór Theas
 Baile Átha Cliath 2
 D02 HF50

Ní mór an Fógra Cosantach seo a bheith faighte ag an seoladh thuas taobh istigh de 90 lá tar éis don idirbheart a bheith tosaíthe.

Ba chóir Bileoga Leanúna na Foirme PN1 a úsáid nuair is gá.

Líon na mBileog Leanúna na Foirm PN1 a úsáideadh:

1. Sonraí an duine a bhfuil an Fógra Cosantach seo á dhéanamh acu nó ar a son (Comhlánaigh in BLOCLITREACHA)

Ainm Iomlán

Seoladh
(Eircode san áireamh)

Seoladh an Ghnó - má tá sé éagsúil ón méid thuas

Uimhir Tagartha Cánach
(Féach ar **Nóta 3**)

2. Duine ar chóir fiosruithe a dhíriú chuige nó chuici – má tá sé éagsúil ón méid thuas (Comhlánaigh in BLOCLITREACHA)

Ainm Iomlán

Seoladh
(Eircode san áireamh)

Fón

Uimhir Aitheantas an Ghníomhaire
Cánach (TAIN), más cuí

Úsáid Inmheánach amháin


Uimhir thagartha an
Fhógra Chosantaigh:

Dáta a Fuarthas:

 / /

3. Sonraí Idirbheart

Sonraí iomlána an idirbhirt (féach **Nóta 4**) is ábhar don Fhógra Cosantach seo (lena n-áirítear aon chuid den idirbheart nár tugadh faoi roimh a seachadtar an Fógra Cosantach seo).



4. Forálacha cuí na nAchtanna

Tagairt iomlán d'fhorálacha na nAchtanna (féach **Nóta 5**) a mheasann an duine, a dhéanann, nó a ndéantar an Fógra Cosantach seo ar a son, a bheith bainteach le cánachas an idirbhirt, a bhfuil cur síos déanta air ag 3. thuas, chun críochoa cánach.

5. Cén chaoi a dtéann forálacha cuí na nAchtanna i bhfeidhm ar an idirbheart

Sonraí iomlána maidir le cén chaoi, i dtuairim an duine a dhéanann an Fógra Cosantach seo, nó a dhéantar an Fógra ar a son, a mbaineann gach foráil dá dtagraítear ag 4. thuas, leis an idirbheart.

6. An fáth nach bhfuil alt 811C i bhfeidhm ar an idirbheart

Sonraí iomlána maidir le cén fáth, i dtuairim an duine a dhéanann an Fógra Cosantach seo, nó a dhéantar an Fógra ar a son, nach bhfuil alt 811C i bhfeidhm ar an idirbheart.

7. Liosta doiciméad

Déan liosta de gach doiciméad a bhaineann leis an idirbheart atá ceangailte leis an bhFógra Cosantach seo nó, i gcás nach bhfuil na doiciméid sin forghníomhaithe fós, doiciméid a chuirfear ar aghaidh chuig an seoladh céanna leis an bhFógra Cosantach seo taobh istigh de 30 lá óna bhforghníomhú.

8. Nochtadh Éigeantach

An 'idirbheart in-nochta' é an t-idirbheart, de réir bhrí Chaibidil 3 de Chuid 33 (féach **Nóta 2**)?

Is ea Ní hea

Nóta 1.

I gcás Fógra Cosantach i ndáil le hidirbheart a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014, ní mór an Fógra a fháil taobh istigh de 90 lá tar éis an t-idirbheart a thosú.

Nóta 2.

Is éard is “idirbheart in-nochta” ann ná idirbheart a eascraíonn as dualgas faisnéis faoi leith a chur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim faoin gcóras Nochta Éigeantaigh. Ní fhéadtar fógra cosantach a dhéanamh i ndáil le hidirbheart in-nochta ach amháin má tá feidhm ag na ceithre rud seo a leanas:

- (i) Má bhí an t-idirbheart in-nochta ag tionscnóir seachas ag duine a rinne an t-idirbheart.
- (ii) Mura bhfuil uimhir idirbhirt ag an gcáiníocóir mar gheall nár chomhlíon an tionscnóir nó an margóir a c(h)uid dualgas nochta éigeantaigh.
- (iii) Má thíolacann an cáiníocóir foirm nochta éigeantaigh chomhlánaithe (Foirm MD7) do na Coimisinéirí Ioncaim.
- (iv) Má chuireann an cáiníocóir an fhaisnéis uile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil go réasúnach ó Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim le deimhniú dá bhféadfaí pionós a ghearradh ar an tionscnóir nó ar an margóir as ucht loiceadh a bheith comhlíontach lena d(h)ualgais faoin gcóras nochta éigeantaigh.

Nóta 3.

Ciallaíonn Uimhir Tagartha Cánach:

- Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP), i gcás duine aonair, nó
- An uimhir tagartha a luaitear ar aon fhoirm tuairisceáin ioncaim nó ar fhógra um measúnú eisithe ag cigire nó an uimhir clárúcháin CBL, in aon cás eile.

Nóta 4.

Chun críocha na foirme seo mínítear idirbheart mar seo a leanas:

- aon idirbheart, gníomh, bealach gníomhaithe, bealach iompair, scéim nó plean nó togra,
- aon chomhaontú, socrú, tuiscint, nó gealltanas, bíodh sé sainráite nó intuigthe agus atá infhorfheidhmithe nó nach bhfuil nó atá i gceist a bheith infhorfheidhmithe le himeachtaí dlíthiúla, agus
- aon sraith nó meascán de na cúinsí dá dtagraítear thuas, a dhéanann nó a eagraíonn duine amháin nó beirt nó níos mó:
 - bíodh siad ag obair i bpáirt lena chéile nó ná bíodh,
 - bíodh sé go ndéantar é nó go n-eagraítear é go hiomlán nó go páirteach taobh amuigh den Stát, nó
 - bíodh sé go ndéantar nó nach ndéantar é mar chuid d'idirbheart níos mó nó in éineacht le haon idirbheart nó idirbhearta eile.

Nóta 5.

Chun críocha na foirme seo sainítear na hAchtanna mar seo a leanas:

- na hAchtanna Cánach,
- na hAchtanna um Cháin Gnóthachan Caipitiúil,
- an tAcht Cánach Breisluacha, 2010, agus leis na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
- an tAcht um Cháin Fáltas Caipitiúil, 2003, agus leis na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
- an tAcht um Cháin Fáltas Caipitiúil, 1999, agus leis na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
- Cuid 18D den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus leis na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an chuid sin den Acht,

agus aon ionstraim a dhéantar faoi.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar www.revenue.ie ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.